

Pósadh le heachtrannach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhean a phós fear ón mBrasaíl agus faoi na fadhbanna a bhí acu ina dhiaidh sin. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann sibh iad?

1. ag achainí _____
2. díbríodh _____
3. líomhaintí _____
4. dlisteanach _____
5. ag íoc cánach _____
6. comhfhreagras _____
7. éagóir _____
8. feachtas _____
9. cearta bunreachtúla _____
10. filleadh _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 2 Féach ar an mír arís agus pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat. An raibh an t-eolas céanna agaibh beirt?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís. Cén fáth ar luadh na daoine/na dreamanna seo?

Harriet Bruce
Kleber Medeiros
an pobal áitiúil
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
an Taoiseach agus an Tánaiste

Ceist 4 Éist leis an mír arís, agus breac síos na samplaí a chloiseann tú inti den bhriathar saor. Cén aimsir lena mbaineann gach sampla?

An Briathar Saor	An Aimsir

Ceist 5 ‘...mí lúil...’ agus ‘...mí na Nollag...’

- A. Breac síos na míonna sa cholún ar chlé.
- B. Breac síos na míonna arís tar éis an fhocail **mí** sa cholún ar dheis.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. ag achainí	<i>appealing/petitioning</i>
2. díbríodh	<i>was expelled</i>
3. líomhaintí	<i>allegations</i>
4. dlisteanach	<i>legitimate</i>
5. ag íoc cánach	<i>paying tax</i>
6. comhfhreagras	<i>correspondence</i>
7. éagóir	<i>injustice</i>
8. feachtas	<i>campaign</i>
9. cearta bunreachtúla	<i>constitutional rights</i>
10. filleadh	<i>return</i>

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt ábhar na míre a phlé le chéile.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

An Briathar Saor	An Aimsir
díbríodh (x 2)	an aimsir chaite
casadh	an aimsir chaite
deineadh (x 2)	an aimsir chaite
cuireadh	an aimsir chaite
sáraíodh	an aimsir chaite
go leanfar	an aimsir fháistineach
go dtabharfar	an aimsir fháistineach

Ceist 5

Eanáir	mí Eanáir
Feabhra	mí Feabhra
Márta	mí an Mhárta/mí na Márta
Aibreán	mí Aibreáin
Bealtaine	mí na Bealtaine
Meitheamh	mí an Mheithimh
Iúil	mí Iúil
Lúnasa	mí Lúnasa
Meán Fómhair	mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	mí Dheireadh Fómhair
Samhain	mí na Samhna
Nollaig	mí na Nollag

Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar an struchtúr thíos:

Rugadh mé ar an ochtú lá déag de mhí na Bealtaine.
Tá mo bhreithlá ar an gceathrú lá de mhí an Mheithimh.

Mínigh go gcuirtear séimhiú ar **mí** tar éis an réamhfhocail shimplí **de**, agus go bhfuil an tuiséal tabharthach i gceist le ‘ar an ochtú’ agus ‘ar an gceathrú’.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Séamus Ó Scanláin

Thug bean as Béal Átha na Sluaighe i gCo. na Gaillimhe litir don Aire Dlí agus Cirt¹ agus litir don Taoiseach inniu ag achainí orthu cead a thabhairt dá fear céile filleadh ar an tír. Díbríodh Kleber Medeiros chun na Brasaíle i mí Iúil mar gheall ar líomhaintí go mba phósadh bréige a bhí i gceist. Ach tuigeanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anois, gur pósadh ceart dlísteanach atá ann.

Irene Ní Nualláin

Tháinig Kleber Medeiros chun na tíre seo ceithre bliana ó shin ón mBrasaíl, agus bhí sé ag obair i mBéal Átha na Sluaighe agus ag íoc cánach. Casadh Harriet Bruce air in 2013 agus phós siad i mí na Nollag seo caite. Ach, i mí Iúil na bliana seo, díbríodh Kleber as an tír nuair a thug duine den phobal le fios d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur pósadh bréige a deineadh le go mbeadh cead aigesean fanacht sa tír. Léiríonn comhfhreagras a fuair muintir Bruce ón bhFeidhmeannacht go nglacann siad anois leis nach raibh aon bhunús leis na líomhaintí, agus nach raibh bac ar bith ar phósadh na beirte. Thug Harriet Bruce litir don Taoiseach agus don Tánaiste inniu i dtaca lena cás.

An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh

Tá muid ag súil go ngníomhóidh siad anois le Kleber a thabhairt abhaile. Deineadh éagóir cheart ar Kleber. Níl sé féaráilte gur cuireadh as an tír é agus is é an ceart go mbeadh sé in ann teacht abhaile chuig a bhean chéile agus chuig a chuid oibre, agus chuig an mbaile. Agus tá muid ag súil go dtarlóidh sé sin roimh an Nollaig nó níos túsce.

Irene Ní Nualláin

Tá feachtas ar bun ag an bpobal áitiúil i mBéal Átha na Sluaighe le cúpla mí anuas le Kleber a thabhairt abhaile. Deir siad gur sáraíodh cearta bunreachtúla na beirte agus go bhfuil siad ag iarraidh ar an Stát cead a thabhairt do Kleber filleadh abhaile go Béal Átha na Sluaighe láithreach.

Deir Harriet go leanfar leis an bhfeachtas go dtí go dtabharfar a fear céile abhaile go hOirthear Chontae na Gaillimhe.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

¹ An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an teideal iomlán